



emcdda.europa.eu

18 Drugaí faoi chaibidil

Ag tabhairt faisnéise don Lárionad Faireacdháin Eorpach um Dhrugaí agus Andúil i nDrugaí

ISSN 1725-4442

Mí-úsáid substaintí i measc daoine fásta breacaosta: fadhb a bhfuil faillí déanta uirthi

Tá gaol idir mí-úsáid substaintí tríd is tríd agus daoine óga, ach níl aon teorainn aoise ar ndóigh ag baint le fadhbanna den sórt sin. Tá teorainn leis an méid fianaise atá againn maidir le daoine scothaosta i láthair na huaire, agus mar sin tá sé deacair fairsinge agus na himpleachtaí atá leis an imní seo a mheas i gceart. Mar sin féin, is díol imní iad na réamhaisnéisí do bhlianta amach anseo agus is dócha go ndéanfar faillí ar mhí-úsáid substaintí a dhéanann daoine fásta breacaosta i measc ár gcuid saoránach a bhfuil faillí déanta orthu chomh maith.

Mar a thaispeánann an léaráid, tá daonra na hEorpa ag dul in aois go mór. Le linn na 20ú haoise, tháinig méadú faoi thrí ar líon na nEorpach os cionn 65 bliain d'aois nó os a chionn, agus tháinig breis is dúbailt ar ionchas saoil. Faoi mbliain 2028, beidh níos mó ná an ceathrú cuid de dhaoine na hEorpa os cionn 65 bliain d'aois nó níos mó.

Meastar go mbeidh níos mó ná dúbailt ar líon na ndaoine breacaosta a mbeidh fadhbanna mí-úsáide substaintí nó a dteastóidh cóir leighis uathu mar

gheall ar neamhord úsáide substaintí idir 2001 agus 2020. Tá sé seo amhlaidh i bpáirt mar gheall ar an mborradh mór a bhí faoin gcóhort de naíonáin nuabheirthe (a rugadh idir 1946-1964) agus an ráta níos airde d'úsáid substaintí i measc an ghrúpa seo. Leagfaidh an líon méadaithe de dhaoine breacaosta a bhfuil fadhbanna úsáide substaintí acu éilimh nua agus níos mó ar sheirbhísí cóireála. Caitheadh cláir a bhfuil cleachtadh acu a bheith ag déileáil go príomha le daonraí níos óige dul in oiriúint anois chun freastal ar riachtanais an ghrúpa seo atá níos sine.

Sainmhíniú

Is féidir úsáideoirí substaintí níos sine nó breacaosta a chatagóiriú mar luathúsáideoirí (daoine a thagann slán) nó úsáideoirí déanacha (daoine a dtéann substaintí i bhfeidhm orthu). De ghnáth bíonn stair fhada d'úsáid substaintí ag luathúsáideoirí agus leanann an fhadhb iad nuair a éiríonn siad níos sine. Is minic go dtosaíonn úsáideoirí déanacha mar gheall ar eachtra éigin ina saol a chuireann faoi bhrú iad, lena n-áirítear dul ar scor, briseadh síos an phósta, aonrú sóisialta, nó méala. Maidir le mí-úsáid alcóil, taispeánann staidéir atá déanta difríochtaí tábhachtacha cliniciúla a tharlaíonn mar thoradh ar an aois a dtosaíonn othair ag baint mí-úsáide as alcól.

Sracfhéachaint ar phríomhsaincheistean

1. Baineann daoine fásta breacaosta úsáid as cógais a bhíonn ordaithe dóibh agus as cógais thar an gcuntar go minic. D'fhéadfadh sé go mbaimeann daoine úsáid in aon turas nó i ngan fhios dóibh féin as na cógais sin, agus bíonn éagsúlacht ag baint le déine na húsáide sin.
2. Cé nach tharlaíonn úsáid aindleathach drugaí i measc daoine fásta breacaosta chomh minic is a tharlaíonn i measc daoine óga, tá an fhadhb ag éirí níos coitianta. Tá na daoine a úsáideann drugaí mar chaitheamh aimsire ag fáil níos sine, agus de bhrí go gcoimeádann cláir chothabhála níos mó othar i gcúram, tá líon na n-othar níos sine ag dul i méid.
3. Taispeánann figiúirí go bhfuil baol ard ann go mbeidh fadhbanna ólacháin i measc daoine fásta breacaosta. Mar thoradh ar an úsáid trí chéile a bhaintear as alcól agus as drugaí eile bíonn baol níos mó ann ó thaobh fadhbanna sóisialta, síceolaíochta agus sláinte fisiciúil, agus cruthaíonn siad deacrachtaí fiú amháin nuair is beag óil a dhéantar nó má bhíonn sé measartha.
4. D'fhéadfadh fadhbanna síceolaíochta, sóisialta agus sláinte a bheith mar thoradh ar aosú, agus bíonn siad mar fhachtóirí riosca do mhí-úsáid substaintí, agus is in olcas a théann na fadhbanna mar gheall ar úsáid substaintí.
5. Tá fadhbanna meabhairshláinte agus fisiciúla níos coitianta i measc úsáideoirí substaintí breacaosta, mar sin féin bíonn teagmháil rialta ag daoine fásta breacaosta le seirbhísí cúraim phríomhúil nó le seirbhísí sláinte eile.
6. Is beag atá ar eolas go bunúsach faoin gcóireáil a fhaigheann daoine fásta breacaosta a bhíonn ag mí-úsáid substaintí. Mar sin féin, bíonn glacadh maith ag othair bhreacaosta le cláir chóireála, agus baineann siad torthaí sásúla cóireála amach.

1. Drugáí ordaithe agus drugaí thar an gcuntar

Is minic le daoine aosta drugaí ordaithe agus drugaí thar an gcuntar a fháil. Úsáideann daoine os cionn 65 bliain d'aois aon trian de gach druga ordaithe, beinsidé-asaipín agus codlaidínigh anailgéiseacha ina measc sin go minic. Is mó an seans atá ann go n-ordófar cógais sícighníomhacha do mhná níos sine ná d'fhir, agus go mbainfidh siad go deimhin mí-úsáid astu agus tá siad i mbaol níos mó ó thaobh mí-úsáid a bhaint as drugaí ordaithe ná mar atá cuid mhaith aoisghrúpaí eile. Is minic nach dtugtar faoi deara in aon chor fadhbanna i measc an ghrúpa seo.

Is féidir le mí-úsáid drugaí ordaithe i measc na n-aosach a tharlú tré dhearmad (gan chuimhneamh) mar gheall ar chóireáil. Is féidir leis sin tarlú mar gheall nach ndéantar monatóireacht rialta ar an úsáid a bhaintear as cógais agus mar a fhreagraítear don chóireáil, nó nuair a ordaitear cúpla druga do dhuine a mbíonn éifeachtaí idirghníomhacha míchuíbhúla acu ar an duine sin. Is minic go mbaineann go leor daoine fásta breacaosta mí-úsáid as drugaí mar gheall go nochtáitear ar bhonn leighis cógais ordaithe dóibh a bhfuiltear in ann mí-úsáid a bhaint astu nó a bheith spleách orthu.

Is minic go mbíonn difríocht idir daoine fásta breacaosta a mbíonn fadhbanna acu le drugaí ordaithe agus a gcuid piaraí a thógann drugaí aindleathacha de bhri go bhféadfadh na mí-úsáid sin tarlú in aon turas nó gan chuimhneamh. Bíonn na cásanna sin éagsúil idir chásanna mí-úsáide aonair, úsáid mhíchúí nuair a fhaightear cógas 'ar iasacht' ó chara nó ó dhuine muinteartha, go dtí úsáid ó am go ham mar chaitheamh aimsire, agus mí-úsáid leanúnach. Tarlaíonn fulaingt agus spleáchas fisiciúil nuair a thógtar cógais ordaithe ar feadh tréimhsí níos faide, fiú amháin ag an dáileog oiriúnach, agus bíonn airí éirí as ag cur isteach ar an duine má stophtar ag tógáil an druga.

Sa chás go dtógann an duine fásta breacaosta druga ordaithe nó druga thar an gcuntar in aon turas nó go mbaineann siad mí-úsáid as, d'fhéadfadh siad seo tarlú: ag úsáid dáileoige i bhfad níos airde ná an dáileog ordaithe, á úsáid ar feadh tréimhse níos faide, ag coinneáil cógas, agus ag tógáil cógas in éineacht le halcól.

2. Drugáí aindleathacha

Ach an oiread le daoine óga, is féidir le daoine fásta breacaosta drugaí aindleathacha a úsáid freisin. Cé nach bhfuil úsáid drugaí aindleathacha chomh coitianta sa ghrúpa seo, tá sé ag éirí níos fairsinge. Tugann meastacháin ó Stáit Aontaithe Mheiriceá le fios go bhféadfadh

líon na ndaoine os cionn 50 a dteastóidh cóireáil uathu de bharr fadhbanna le drugaí aindleathacha méadú suas go dtí 300% idir 2001 agus 2020.

De réir mar a éiríonn cláir mheatación agus chothabhála eile níos éifeachtaí ó thaobh othair a choinneáil i gcúram agus ó thaobh líon na ndaoine a fhaigheann bás le ródháileog a laghdú, tiocfaidh méadú diaidh ar ndiaidh ar líon na n-othar breacaosta. Idir 2002 agus 2005, tháinig breis is dubailt ar chomhréir na n-othar a bhí 40 nó a chionn a bhí ag fáil cóireála d'fhadhbanna óipiam (ó 8.6% go dtí 17.6%).

Cé gur beag is eol faoi na fachtóirí riosca atá ann d'úsáid drugaí aindleathacha i measc daoine fásta breacaosta, is minic gur gnéithe suntasacha iad mí-úsáid nó spleáchas a tharla roimhe sin: is minic gur luathúsáideoirí iad cuid mhaith de na húsáideoirí drugaí aindleathacha breacaosta. Bíonn fadhb freisin le húsáid drugaí aindleathacha i measc daoine a bhfuil fadhbanna meabhairshláinte comhleánúnacha ag dul dóibh. Laistigh de na seirbhísí meabhairshláinte, tá cannabás ar an druga aindleathach is minicí a úsáidtear.

Tá daoine a úsáideann drugaí mar chaitheamh aimsire freisin ag fáil níos sine agus bíonn níos mó deacrachtaí ag na daoine sin de réir mar a théann siad in aois. Déanann daoine breacaosta meitibiliú ar dhruaí ag ráta níos moille agus d'fhéadfadh an inchinn a bheith níos goilliúnaí d'éifeachtaí drugaí de réir mar a théann an duine in aois. Tagann athruithe ar fheidhm ghlacadóra na hinchinne mar thoradh ar spreagthaigh, agus bíonn inní mar gheall air sin faoina gcuid éifeachtaí fadtéarmacha. D'fhéadfadh fadhbanna den sórt sin idirghníomhú le próisis eile chun an dul chun cinn a ghríosadh, nó chun déine lagú néarachognaíoch a bhaineann le dhul in aois a mhéadú.

3. Alcól

Léiríonn staitisticí go n-ólann suas le 10% de dhaoine aosta i Stáit Aontaithe Mheiriceá alcól nó go bhfuil fadhb acu leis, agus go gcomhlíonann idir 2 agus 4% acu critéir diagnóiseacha d'úsáid nó do spleáchas alcóil. San Eoraip, deimhníonn 27% de dhaoine atá 55 bliain d'aois agus os a chionn go n-ólann siad alcól ar bhonn laethúil. Tugann an fhianaise atá ar fáil le fios go bhfuil baol ard ann go mbeidh fadhbanna ólacháin ag an aoisghrúpa seo.

D'fhéadfadh éifeachtaí dainséaracha a bheith ag na hathruithe meitibileacha agus fiseolaíoch a bhaineann le haosú ag na leibhéil is ísle tomhaltais ná mar a bhíonn i gceist i gcás daoine óga a ólann alcól. Fuair staidéar a rinneadh ar othair a bhaineann mí-úsáid as alcól i sé thír san

Eoraip amach go raibh níos mó fadhbanna sláinte fisiciúla ag daoine breacaosta a raibh fadhb acu leis an ól ná mar a bhí ag daoine níos óige, in ainneoin nár ól siad an oiread leis na daoine óga agus nach raibh siad chomh spleách ar alcól is a bhí na daoine óga. D'fhéadfadh ólachán iomarcach i measc daoine scothaosta freisin na fadhbanna leighis a bhaineann le haosú a dhéanamh níos measa. Tá daoine fásta breacaosta a bhfuil fadhbanna sláinte acu i mbaol níos mó agus ba chóir díriú orthu le haghaidh idirghabhálacha chun aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb áirithe seo.

Bíonn baol níos mó ann go mbeidh fadhbanna sóisialta agus sláinte ag duine má úsáideann an duine sin drugaí agus alcól le chéile. Deirtear gur féidir le cógais ordaithe nach bhfuil aon dochar iontu nó cógais thar an gcuntar idirghníomhú le halcól, agus go bhféadfadh támhú iomarcach agus baol méadaithe timpistí agus gortuithe a bheith mar thoradh orthu. Ar an gcaoi chéanna, d'fhéadfadh fadhbanna a bheith ag daoine breacaosta a úsáideann alcól agus drugaí eile le chéile, fiú amháin nuair is ólachán éadrom nó measartha a bhíonn i gceist. Is minic go n-úsáideann daoine fásta breacaosta dúlagraín do lárchóras na néaróg (m.sh. beinsidé-asaipín agus anailgéisigh codlaidíneacha). Cuireann fiú amháin braonacha beaga alcóil leis na héifeachtaí tromchúiseacha a bhíonn ag na drugaí sin. Anuas air sin, méadaítear an riosca a bhaineann le ródháileog trí alcól agus támhacháin a mheascadh.

4. Rioscaí speisialta i gcás daoine scothaosta

Is minic go mbíonn raon fadhbanna sóisialta, siceolaíoch agus sláinte ag baint leis an bpróiseas aosaithe. Bíonn go leor acu sin mar fhachtóirí riosca do mhí-úsáid substaintí i measc daoine fásta breacaosta, agus is féidir iad a ghríosadh tuilleadh le húsáid substaintí.

D'fhéadfadh fadhbanna sóisialta i measc daoine breacaosta tarlú mar gheall ar méala, aonrú sóisialta, easpa tacaíochta sóisialta, agus deacrachtaí airgeadais. I measc na bhfadhbanna siceolaíoch a d'fhéadfadh a bheith ann tá dúlagar, uaigneas, inní, fadhbanna cuimhne, lagú cognaíoch, néaltrú agus míthuiscint. I measc na bhfadhbanna fisiciúla a d'fhéadfadh a bheith ann tá easpa soghluaiseachta, titim, féinchúram laghdaithe, agus easláinte ghinearálta.

Tagann riosca níos mó de riochtaí leighis pianmhara le haosú, agus tuairiscíonn móramh na ndaoine breacaosta go raibh pian éigin orthu le déanaí anuas. Mar gheall air sin d'fhéadfaí tosú ag úsáid substaintí (lena n-áirítear alcól) nó leanúint dá n-úsáid mhíchúí mar bhealach chun pian

a mhúchadh mar gheall ar na héifeachtaí anailgéiseacha gearrthéarmacha a bhaineann leo. Mar shampla, tugtar pian uaireanta mar chúis go n-úsáidtear cannabis ar bhonn teiripeach.

De réir mar a théann úsáideoirí drugaí ainsealacha in aois, bainfidh tinnis thromchúiseacha agus fhoirceanta dóibh agus iompóidh roinnt acu ar shubstaintí sícighníomhacha chun déileáil leis na tinnis sin. Ardaítear saincheisteanna speisialta de bharr an ghá atá le cúram moolaitheach a sholáthar do mhí-úsáideoirí substaintí a bhíonn i mbaol báis. Is dúshlán mór é seo do ghairmithe leighis agus do sheirbhísí cúraim shláinte. Is beag atá ar eolas faoi conas is fearr freastal ar na riachtanais atá ag an daonra seo i ndeireadh a saoil.

5. Aitheantas agus measúnú

De bharr go bhfuil fadhbanna sláinte an-fhairsing i measc daoine fásta breacaosta a úsáideann substaintí, is minic go mbíonn go leor acu i dteagmháil go rialta le seirbhísí leighis. Soláthraíonn seirbhísí cúraim phríomhúil agus cúraim shláinte eile deis luachmhar mar sin chun an grúpa seo a scagadh.

Mar sin féin, in ainneoin go mbíonn teagmháil rialta acu le gairmithe cúraim shláinte, is minic go dtéann neamhoird úsáide substaintí i ngan fhios nó nach ndéantar diagnóis i gceart orthu. Ní bhíonn dóthain oiliúna ar go leor dochtúirí sa réimse seo agus d'fhéadfadh sé go bhfuil critéir diagnóiseacha reatha chun spleáchas agus andúil i ndaoine fásta breacaosta a mheas míshásúil. Anuas air sin, bíonn sé níos deacra scagadh

a dhéanamh mar gheall ar riochtaí comhghalracha coitianta a fheictear i ndaoine fásta breacaosta (m.sh. lagú cognaíoch) agus d'fhéadfadh roinnt riochtaí comhghalracha (m.sh. suaitheadh, míthuiscint) a bheith mar réamhtheachtaí nó mar iarmhairtí ar úsáid substaintí. Is minic freisin nach n-admhaíonn daoine fásta breacaosta go bhfuil fadhb acu mar gheall ar an stiogma a bhaineann leis i measc a n-aoisghrúpa.

Mar sin d'fhéadfadh bearta mí-úsáide agus spleáchais a bhaineann go sonrach le haois a bheith ag teastáil chun measúnú níos fearr a dhéanamh ar neamhoird úsáide substaintí i measc daoine fásta breacaosta. Freisin, d'fhéadfadh idirdhealú níos soiléire a bheith ag teastáil idir na cineálacha difriúla úsáide substaintí chun raon léirithe iompair agus cliniciúla a ghlacadh san áireamh. D'fhéadfadh níos lú tréithe spleáchais nó cinn dhifriúla a bheith ag baint le mí-úsáid níos déanaí.

D'fhéadfaí nósanna imeachta scagtha simplí níos fearr a chur i bhfeidhm trí dhóthain monatóireachta a dhéanamh ar oidis leantacha, agus/nó cúpla cógas a ordaítear. D'fhéadfaí ceistneoirí scagtha agus measúnaithe a fhorbairt go sonrach chun díriú ar riachtanais agus ar fhadhbanna daoine breacaosta.

6. Cóireáil: idirghabhálacha agus seirbhísí

Tá athrú déimeagrafach agus na riachtanais seirbhíse mhéadaithe atá ag mí-úsáideoirí substaintí atá ag dul in aois ag cur brú airgeadais ar acmhainní reatha.

“Nuair a smaoinimid ar conas a thugaimid freagra ar fhadhbanna drugaí sa phobal nó ar na riachtanais atá acu sin atá ag fáil cóireála, caithfimid glacadh leis nach feiniméan é úsáid drugaí san Eoraip a bhaineann le daoine óga amháin. Leis sin tá an oibleagáid ann dearcaí a fhorbairt agus idirghabhálacha a athbhreithniú lena chinntiú go bhfuil siad oiriúnach freisin do shaoránaigh breacaosta.”

Wolfgang Götz, Stiúrthóir, An Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus Andúil i nDrugaí

Bíonn costais ag baint le neamhghníomh agus b'fhéidir costais níos mó arís mar gheall ar ghéarchéimeanna ina dhiaidh sin. D'fhéadfaí an caiteachas foriomlán i gcás an ghrúpa seo a laghdú trí idirghabhálacha caoithiúla, éifeachtacha a sholáthar i socrúcháin oiriúnacha.


Mar a tugadh le fios cheana féin, ba chóir aird níos mó a thabhairt ar fhadhbanna sláinte comhghalracha nuair a bhítear ag déileáil le hothair bhreacaosta. D'fhéadfadh tinnis ainsealacha mar shampla a bheith ag dul do mhí-úsáideoirí substaintí níos sine, lena n-áirítear galar ae mar gheall ar ionfhabhtú Heipitíteas C ainsealaigh, nó tinnis a bhaineann le VEID, agus mar gheall air sin d'fhéadfadh cineálacha speisialta cóireála a bheith ag teastáil uathu.

Bíonn teorainn de ghnáth leis na hacmhainní cóireála a bhíonn ag seirbhísí andúile. Ba chóir go mbeadh cláir úsáide substaintí do dhaoine fásta breacaosta in ann seirbhísí leighis a sholáthar ag an leibhéal bunúsach, agus sa chás go n-aimsítear dian-fhadhbanna sláinte nó fadhbanna casta sláinte, daoine a chur ar aghaidh chuig seirbhísí speisialta leighis.

B'fhéidir go bhfearr a dhéanfaí díthocsainiú i socrú leighis chun idirghníomhacha idir chóigais agus shubstaintí eile a sheachaint, nó mar gheall ar thinnis chomhghalracha. D'fhéadfadh réimeanna dáileoige difriúla a bheith ag teastáil mar gheall ar athruithe meitibileacha a bhaineann le haois.

Ní thuigtear i gceart go leor saincheisteanna teiripeacha a bhaineann le mí-úsáideoirí substaintí atá ag dul in aois, mar sin féin baineann othair bhreacaosta torthaí mar a chéile nó níos fearr amach ná daoine fásta níos óige nuair a théann siad chun cóireáil a fháil. Ba chóir go mbeadh rochtain ag saoránaigh breacaosta ar sheirbhísí cúraim shláinte éifeachtacha áit a gcaithfear leo le dínit agus le mothálacht. B'fhéidir go mbeadh gá raon níos leithne de chóireáil reatha agus de mhalairtí air a fhorbairt leis seo.

Céatadán de dhaonra iomlán na hEorpa atá 65 bliain d'aois nó níos mó (stairiúil agus réamh-mheasta)



Foinse: Eurostat.

Is éard is **Drugáí faoi chaibidil** ná sraith faisnéisí beartais arna fhoilsiú ag an Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus Andúil i nDrugáí (EMCDDA), Liospóin. Cuirtear an t-eolas le chéile trí huair sa bhliain i 23 teanga oifigiúil an Aontais Eorpaigh agus in Ioruais agus i dTuircis. Bunteanga: Béarla. Is féidir aon mhír a atáirgeadh ar an gcoinníoll go dtugtar aitheantas don fhoinsé.

Chun síntiúis saor in aisce a fháil, sonraigh le do thoil do chuid riachtanais trí ríomhphost a sheoladh chuig publications@emcdda.europa.eu

Rua da Cruz de Santa Apolónia, 23-25, P-1149-045 Lisbon
Teil. (351) 218 11 30 00 • Facs (351) 218 13 17 11
info@emcdda.europa.eu • <http://www.emcdda.europa.eu>

Conclúidí agus breithniú beartais

1. Tá úsáid fhadhbach a bhaineann daoine fásta breacaosta as drugaí ordaithe agus thar an gcuntar coitianta. Teastaíonn monatóireacht rialta ar úsáid na gcógas agus ar fhreagairt cóireála má táthar chun an fhadhb a aithint, agus caithefear measúnú cúramach a dhéanamh ar fhadhbanna sóisialta agus sláinte eile a d'fhéadfadh tarlú mar gheall ar úsáid substaintí.
2. Tá an méid úsáide a bhaineann daoine fásta breacaosta as drugaí aindleathacha ag dul i méid. Níl seirbhísí cóireála andúile agus seirbhísí cúraim shláinte eile ar an eolas a ndóthain faoi na riachtanais atá ag mí-úsáideoirí drugaí breacaosta agus caithefidh siad a bheith ag súil agus ullmhúchán a dhéanamh do mhéaduithe atá réamhthuartha in éileamh ón aoisghrúpa seo.
3. Tá fadhbanna alcóil níos coitianta i measc daoine fásta breacaosta agus d'fhéadfadh fadhb a bheith acu le drugaí aindleathacha ag an am céanna. B'fhéidir go mbeadh ar sheirbhísí drugaí mar sin athbhreithniú a dhéanamh ar a gcuid córas cúram lena chinntiú go n-aithnítear fadhbanna a bhaineann le halcól.
4. D'fhéadfadh go leor fadhbanna sóisialta, siceolaíocha agus sláinte a bheith ag daoine fásta breacaosta agus iad a chur i mbaol níos mó ó thaobh mí-úsáid substaintí. Teastaíonn aird cheart ó fhadhbanna den sórt sin ionas go mbeidh idirghabhálacha don ghrúpa seo go hiomlán éifeachtach.
5. B'fhéidir go dteastódh bearta mí-úsáide agus spleáchais a bhaineann go sonrach le haois chun measúnú feabhsaithe a dhéanamh ar neamhoird úsáide substaintí i measc daoine fásta breacaosta. Cé go bhféadfadh sé a bheith deacair neamhoird úsáide substaintí a aithint, is maith atá seirbhísí cúraim phríomhúil agus seirbhísí cúraim shláinte eile in ann scagadh a dhéanamh chun fadhbanna úsáide substaintí a aimsiú.
6. Ba chóir cóireáil chuí agus éifeachtach a cheapadh amach do riachtanais shonracha mí-úsáideoirí substaintí eile, fiú amháin más beag atá ar eolas faoin ngrúpa othar seo i láthair na huairé. Leis seo b'fhéidir go mbeadh gá cineálacha cóireála reatha a mhionathrú, nó cinn nua a fhorbairt. Go háirithe, ba chóir go mbeadh cóireáil níos dírithe ar riochtaí sláinte comhghalracha a bhíonn ag cur isteach ar dhaoine fásta breacaosta.

Príomhfhoinisí

Brennan, P.L., Nichol, A.C. agus Moos, R.H., 'Older and younger patients with substance use disorders: outpatient mental health service use and functioning over a 12-month interval', *Psychology of Addictive Behaviors*, Imleabhar 17(1), pp. 42-48, 2003.

Gfroerer, J., Penne, M., Pemberton, M. agus Folsom, R., 'Substance abuse treatment among older adults in 2020: the impact of the aging baby-boom cohort', *Drug and Alcohol Dependence*, Imleabhar 69, pp. 127-135, 2003.

Gossop, M., Neto, D., Radovanovic, M., Batra, A., Toteva, S., Musalek, M., Skutle, A. agus Goos, C., 'Physical health problems among patients seeking treatment for alcohol use disorders: a study in six European cities', *Addiction Biology*, Imleabhar 12, pp. 190-196, 2007.

O'Connell, H., Chin, A.V., Cunningham, C. agus Lawlor, B., 'Alcohol use disorders in elderly people—redefining an age old problem in old age', *British Medical Journal*, 327, pp. 664-667, 2003.

Satre, D., Mertens, J., Arean, P. agus Weisner, C., 'Five-year alcohol and drug-treatment outcomes of older adults versus middle-aged and younger adults in a managed care program', *Addiction*, Imleabhar 99, pp. 1286-1297, 2004.

Simoni-Wastila, L. agus Yang, H.K., 'Psychoactive drug abuse in older adults'. *American Journal of Geriatric Pharmacotherapy*, 4, pp. 380-394, 2006.

Eolas ar an Idirlíon

Láithreán gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh – sláinte agus daoine aosta

http://ec.europa.eu/health-eu/my_health/elderly/index_en.htm

Dutch National Alcohol and Drugs Information System Bulletin

http://www.sivz.nl/content/_files/bulletin_alcohol_english.pdf

Office of Applied Studies. Older adults in substance abuse treatment: update

Suirbhé Náisiúnta ar Úsáid Drugáí agus Sláinte. Úsáid substaintí i measc daoine fásta breacaosta: nuashonrú 2002 agus 2003.

<http://oas.samhsa.gov/2k5/olderadults/olderadults.htm>

Suirbhé eorabharaiméadair – Dearcaí maidir le hAlcól

http://ec.europa.eu/health/ph_determinants/life_style/alcohol/documents/ebs272_en.pdf

Príomhleathanach ar alcól:

http://ec.europa.eu/health/ph_determinants/life_style/alcohol/alcohol_en.htm



Oifig Foilseacháin
Publications.europa.eu

FOILSITHEOIR OIFIGIÚIL: An Oifig um Fhoilseacháin Oifigiúla na gComhphobal Eorpach

© An Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus Andúil i nDrugáí, 2008

STIÚRTHÓIR: Wolfgang Götz

ÚDAR: An tOllamh Michael Gossop, National Addiction Centre, King's College London, An Ríocht Aontaithe.

EAGARTHÓIR: Marie-Christine Ashby

COINCHEAP GRAFACH: Dutton Merrifield Ltd, An Ríocht Aontaithe

Printed in Italy